# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil

# Leibhéal Comónta

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# *NÓS IMEACHTA NA MARCÁLA DON PHÁIPÉAR SCRÍOFA, 2016*

# OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL (OSSP)

**1.** Is éard a bheidh i gceist i nós imeachta na marcála ná:

- Na freagraí ar fad a léamh go cúramach agus anailís chúramach a dhéanamh orthu
- Marcanna a dháileadh ar na comhpháirteanna de réir na scéime comhaontaithe.

**2. Comhpháirteanna**

**Fíricí**

(i) Sonraí a chuirtear i láthair i bhfoirm radharcach a aithint
(ii) Fíricí a lua.

**Ráiteas Iomchuí (RI)**

(i) Argóint, cúis, míniú, léirmhíniú, tuairim, barúil, breithiúnas bailí a bhaineann leis an topaic
(ii) Míniú ar théarma nó ar choincheap a bhaineann leis an topaic
(iii) 2/3 de ráitis thrialacha
(iv) Léaráid ábhartha

Níl an cur síos, na cúiseanna ná na tuairimí sa scéim marcála seo uileghabhálach agus tá freagraí bailí eile inghlactha. Mura bhfuil tú cinnte de bhailíocht freagra eile, dean teagmháil le do scrúdaitheoir comhairleach.

**3. Marcáil**

Cuir tic soiléir mar seo (✓) le gach fíric nó RI.

(i) Ag tosú ag tús an fhreagra, cuir tic (✓) le gach fíric nó RI.
(ii) Ná bronn ach an marc/na marcanna comhaontaithe ar an scéim mharcála as gach fíric nó AS.
(iii) Cuir móriomlán na ceiste laistigh de chiorcal ar chiumhais na láimhe clé in aice le huimhir na ceiste.
(iv) Léigh na ceisteanna ar fad, fiú ceisteanna breise, ceisteanna athdhéanta nó ceisteanna cealaithe. Glactar leis an bhfreagra a fhaigheann na marcanna is mó de réir rúibricí an scrúdpháipéir.
(v) Nuair a bheidh tú críochnaithe le marcáil na scripte ba chóir duit na marcanna a aistriú chuig an ngreille ar chlúdach an fhreagarleabhair, ceist ar cheist. Cuir na marcanna do na ceisteanna breise idir lúibíní. Faigh iomlán na marcanna ar an ngreille agus dealaigh an marc do na ceisteanna breise.
(vi) Ba chóir iomlán carnach a thaifeadadh i mbun chiumhais na láimhe deise ar gach leathanach ar a bhfuil marc iomlán taifeadta agat do cheist iomlán.
(vii) Is é an t-iomlán carnach deiridh **iomlán na n-iomlán bun leathanaigh**.
(viii) Líon isteach **Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** ar ghreille thosaigh an pháipéir scríofa. Ba cheart go mbeadh an t-iomlán seo agus an móriomlán ar an ngreille mar an gcéanna. Ní mór na céimeanna uilig a athdhéanamh mura mbíonn siad mar an gcéanna.

**Tabhair do d'aire, le do thoil**

Ba chóir cuimhneamh air agus an ghníomhaíocht mholta ar fad á marcáil agat gur moltaí iad a rinne iarrthóirí atá 14-16 bliana d'aois de ghnáth.

**Ba chóir go léireodh gníomhaíocht mholta, nó réiteach ar cheist ar bith a chuireann iarrthóirí i láthair, dearcadh dearfach i ndáil leo féin, le daoine eile, leis an gcomhshaol agus leis an domhan mór, nó faigheann an t-iarrthóir 0 marc**.

## Roinn 1

1. ***Ainmneacha***

(Nóirín O'Sullivan) - Coimisinéir an Gharda Síochána **2M**
(Arlene Foster) - Céad-Aire Thuaisceart Éireann **2M**
(Joanne O'Riordan) - Feachtasóir um Chearta Daoine faoi mhíchumas agus an Ceann Feadhna ab óige riamh ar Pharáid Lá Fhéile Pádraig **2M**
(Emily Logan ) - Príomh-Choimisinéir Choimisiúin na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas **2M**

2. ***Críochnaigh na habairtí seo a leanas.***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Daonáireamh | **1M** |
| (b) | Nua-Eabhrac | **1M** |
| (c) | Ombudsman | **1M** |
| (d) | Cuóta | **1M** |
| (e) | Lorg | **1M** |
| (f) | Euro | **1M** |
| (g) | Ceann Comhairle | **1M** |

3. ***Meaitseáil cheart***

| | |
|---|---|
| C. | **1M** |
| D. | **1M** |
| B. | **1M** |

## Roinn 2 3 × 14M

**Freagair TRÍ CINN de na ceisteanna uimhrithe 1,2,3,4 thíos.**

**1. *GREEN DOG WALKERS ®***

(a) Aon CHEANN díobh seo: Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae na Mí agus Comhairle Contae Cill Mhantáin **1M**

€150 **1M**
35.6% **1M**

(b) Leanaí scoile agus peileadóirí **1M**
Léigh an gealltanas agus seol isteach an fhoirm iarratais chomhlánaithe **1M**

(c) Aon DÁ CEANN de na sé pointí liostaithe 1m+1m **2M**

(d) Saincheist **4M**
An chéad saincheist agus cur síos 1m + 1m
An dara saincheist agus cur síos 1m + 1m

(e) TRÍ chúis a bhfuil sé tábhachtach go dtiocfadh tíortha le chéile chun ceisteanna domhanda a phlé **3M**
3 chúis 3 × 1m

## 2. COSC AR BHUIRGLÉIREACHT SA GHEIMHREADH

(a) 1. An doras tosaigh 2. An fhuinneog chúil **1M**
2% **1M**

(b) *Mar a cuireadh i gcló é, is éard atá i gCeist 2(b) ná trí cheist ghearra. Scriosadh an chéad cheann díobh sin trí chearrtúchán a léadh amach do na hiarrthóirí go léir ag tús an scrúdaithe. Dá réir sin, ní bhronnfar marc ar bith as an mír scriosta sin a fhreagairt.*
Seodra agus airgead **1M**
I bhfad ó fhuinneoga agus ó bhoscaí litreacha 1m + 1m **2M**

(c) Chun a thabhairt le fios nach bhfuil an áit folamh, go bhfuil duine éigin sa bhaile nuair nach raibh. **2M**
Freagra maith 2m
Freagra cuibheasach 1m

(d) DHÁ ghníomhaíocht a d'fhéadfadh AN POBAL ÁITIÚIL AGAT FÉIN a dhéanamh chun tacú le hobair an Gharda Síochána le stop a chur le coiriúlacht (Ba cheart gníomhaíocht a bheith sa fhreagra) **4M**
Cur síos ar an ngníomhaíocht 2 × 2m
Cur síos maith 2m
Cur síos cuibheasach 1m

(e) TRÍ chúis a bhfuil sé tábhachtach go dtabharfaí aitheantas do chrógacht saoránach **3M**
Cúiseanna 3 × 1m

## 3. AISTEAR TEIFIGH .

(a) 2,254km, 452 uair an chloig **1M**
Ag teitheadh ó chogadh agus ó fhoréigean, ag súil go bhfaighidh said síocháin agus todhchaí dóibh féin **1M**

(b) Aon DÁ ceann díobh seo: Gach rud atá ina seilbh a iompar, aire a thabhairt do leanaí óga, stopadh chun dul ag lorg bia. **1M**

I bpáirceanna, i bpubaill agus amuigh faoin aer **1M**

Caithfidh bia naíonán agus clúidíní a bheith sa fhreagra **1M**

(c) Aon DÁ chúis bhailí, e.g. cogadh, gátar, triomach, an víreas Ebola, tubaiste nádúrtha
1m + 1m **2M**

(d) Daoine/grúpaí mar an príomhoide, daltaí sa scoil, tuismitheoirí, an duine áitiúil ag eagrú an Trucail, an soláthróirí/siopaí áitiúla bia **3M**
An chéad duine/ghrúpa agus míniú 1m
An dara duine/grúpa agus míniú 1m
An tríú duine/grúpa agus míniú 1m
**Nóta: Trí duine/grúpa ainmnithe amháin – gan ach 1m**

(e) DHÁ chúis a ndúnfadh tíortha a dteorainneacha. **4M**
Cúiseanna 2 × 2m
Cúis mhaith 2m
Cúis chuibheasach 1m

## 4. MAIDIR LE FORÓIGE: CAIRT UM CHEARTA

(a) Is í Foróige an ógeagraíocht (is mó) in Éirinn **1M**
1952 **1M**

(b) 56,000 idir 10-18 bliana d'aois **1M**
Aon DÁ cheann díobh seo: Clár na nDeartháireacha agus na nDeirfiúracha Móra, Clár Fiontraíochta Foróige don Aos Óg, Clár Saoránachta agus Ceannaireachta don aos óg. **1M**
Freagracht a glacadh astu féin agus páirt a ghlacadh i múnlú an Domhain mórthimpeall orthu, agus forbairt á déanamh acu ar a gcuid tallann, ar a scileanna agus ar a bpearsantacht ag an am céanna **1M**

(c) Aon CEANN AMHAIN díobh seo: Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Cláir Thacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga agus Tionscadail Chomharsanachta don Óige. **1M**
Aon DÁ cheart ón gCairt um Chearta **1M**

(d) AON saincheist ar chearta an duine **4M**
Cur síos ar ghníomhaíocht a chuirfeadh feabhas ar an Domhan i slí éigin

| | |
|---|---|
| Ainm na saincheiste | 1m |
| Cur síos ar an ngníomhaíocht | 3m |
| Cur síos an-mhaith | 3m |
| Cur síos maith | 2m |
| Cur síos cuibheasach | 1m |

(e) Mínigh TRÍ shlí ar féidir le saoránach óg a c(h)uid cumhachta a úsáid chun tairbhe a Dhéanamh don phobal áitiúil. **3M**

| | |
|---|---|
| Míniú ar 3 shlí | 3 × 1m |
| **Nóta: 3 shlí ainmnithe amháin** | **1m** |

## Roinn 3 — Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.

**Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.**

### 1. Cáisc 1916 a Chomóradh

**(a)** Liosta agus cur síos ar SÉ chéim ag teastáil chun an pharáid a eagrú **6M**

| | |
|---|---|
| Liosta | 3m |
| Cur síos | 3m |
| Cur síos an-mhaith | 3m |
| Cur síos maith | 2m |
| Cur síos cuibheasach | 1m |

**(b)** Litir le TRÍ chúis a bhfuil sé tábhachtach go nglacfadh na leanaí páirt **6M**

| | |
|---|---|
| Litir | 1m |
| Cúis | 3 × 1m |
| Marc iomlán | 2m |
| Maith | 2m |
| Cuibheasach | 1m |

**(c)** Ainmnigh agus mínigh DHÁ shlí a bhféadfadh scoil Éirí Amach 1916 a chomóradh **8M**

| | |
|---|---|
| Ainm | 2 ×1m |
| Míniú | 2 × 3m |
| Míniú an-mhaith | 3m |
| Míniú maith | 2m |
| Míniú cuibheasach | 1m |

## 2. Lá na Náisiún Aontaithe

**(a)** DHÁ chúis taispeántas grianghraf a chur ar bhun agus ceithre chéim thábhachtacha i bpleanáil na gníomhaíochta seo **8M**

Cúiseanna 2 × 2m

Cúis mhaith 2m
Cúis chuibheasach 1m

Céimeanna thábhachtacha i bpleanáil 4 × 1m

**(b)** Póstaer **6M**

**Critéir don Phóstaer**: Caithfidh an póstaer/líníocht/grafaic/foclaíocht mic léinn a spreagadh le Grianghraif a sheoladh isteach do thaispeántas ceiliúrtha Lá na Náisiún Aontaithe

| **Póstaer** 3m | | **Critéir** 3m | |
|---|---|---|---|
| Póstaer an-mhaith | 3m | Spreagadh | 1m |
| Póstaer maith | 2m | Grianghraf a sheoladh | 1m |
| Póstaer cuibheasach | 1m | Lá na NA a cheiliúradh | 1m |

**(c)** TRÍ chúis a bhfuil sé tábhachtach ceiliúradh a dhéanamh ar Lá na Náisiún Aontaithe **6M**

Cúiseanna 3 × 2m

Cúis mhaith 2m
Cúis chuibheasach 1m

## 3. Forbairt Áitiúil .

**(a)** Cur síos ar SÉ chéim riachtanach chun an chuairt ar Oifigí na Comhairle Áitiúla a eagrú **6M**

Céimeanna 3m
Cur síos 3m

Cur síos an-mhaith 3m
Cur síos maith 2m
Cur síos cuibheasach 1m

**(b)** DHÁ chúis a bhfuil gá le caifé óige sa cheantar agus agóid amháin ina choinne **6M**

Dhá chúis a bhfuil gá le caifé óige 2 × 2m

Cúis mhaith 2m
Cúis chuibheasach 1m

Agóid amháin a d'fhéadfaí a dhéanamh 2m

Maith 2m
Cuibheasach 1m

**(c)** CEITHRE ghníomhaíocht a d'fhéadfadh do rangsa a dhéanamh chun tacaíocht a fháil i measc an phobail do chaifé óige **8M**

Gníomhaíochtaí 4 × 2m

Cur Síos maith 2m
Cur síos cuibheasach 1m

## 4. Vótáil .

**(a)** Ainmnigh agus mínigh an obair a dhéanfadh **TRÍ** choiste riachtanach chun an ócáid eolais a eagrú **6M**

Trí choiste 3 × 2m

Ainm le cur síos maith 2m

Ainm le cur síos cuibheasach 1m

**Nóta:** Trí choiste ach ainmnithe amháin 2m

**(b)** Dear cuireadh a sheolfadh do rang chuig baill de phobal na scoile chun freastal ar an ócáid **6M**

**Critéir don chuireadh;** caithfidh an cuireadh/líníocht/grafaic/foclaíocht daoine a chur ar an eolas maidir leis an ócáid

Cuireadh /eolas 4m (grádaithe)

Sluán (a spreagfadh daoine chun freastal) 2m (grádaithe)

**(c)** CEITHRE argóint ar son vótála a thabharfá do dhuine a roghnaíonn gan vótáil sna toghcháin **8M**

Ceithre argóint 4 × 2m

Argóint mhaith 2m

Argóint chuibheasach 1m

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 80 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 80 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 60 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 61 - 63 | 5 |
| 64 - 66 | 4 |
| 67 - 70 | 3 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 71 - 73 | 2 |
| 74 - 76 | 1 |
| 77 - 80 | 0 |

# TUAIRISC AR THIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA A MHARCÁIL – 2016

- **Ní mór do gach iarrthóir an Tuairisc ar Thionscadal Gníomhaíochta a scríobh ina c(h)uid focal féin**

- **Ní mór don iarrthóir leagan amach na tuairisce a leanúint san ord ina gcuirtear i láthair i Leabhrán *Pro-Forma* na Roinne Oideachais agus Scileanna é**

- **Ní bhronnfar marcanna as freagraí atá san áit mhícheart.**

## Dáileadh na Marcanna

**ROINN 1**
**Teideal** 3 mharc

**ROINN 2**
**Réamhrá**

| | |
|---|---|
| (a) Coincheap | 4 mharc |
| (b) Míniúchán | 4 mharc |

**ROINN 3**
**Gníomhaíochtaí a Rinneadh**

| | |
|---|---|
| (a) Cumarsáid le daoine | 4 mharc |
| (b) Liosta gníomhaíochtaí agus cur síos orthu | 15 mharc |
| (c) Cur síos ar ghníomhaíocht áirithe | 15 mharc |
| (d) Scileanna a cuireadh i bhfeidhm | 15 mharc |

**ROINN 4**
**Achoimre ar an Eolas** 30 marc

**ROINN 5**
**Smaointe** 30 marc

**An Marc Iomlán** 120 marc

# TUAIRISC AR THIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA

## ROINN 1. Teideal (*Leathanach 2, an chéad leathanach a léitear, an leathanach deiridh a mharcáiltear)* *(3 mharc)*

Teideal soiléir, cruinn agus a bhaineann le hábhar

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scrúdaitheora oiriúnacht an teidil a dheimhniú ach an Tuairisc a léamh, éisteacht léi nó féachaint uirthi ina hiomláine.

**Teideal** **(2 mharc)**

| MARC (2) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Teideal nach mbaineann le hábhar nó gan aon teideal a thabhairt nó teideal ar nós 'Mo Thionscadal Gníomhaíochta OSSP' |
| **1** | Teideal leathan ginearálta nach gcuireann ach fíorbheagán in iúl faoina bhfuil i gceist leis an Tionscadal Gníomhaíochta (TG) |
| **2** | Teideal a chuireann in iúl go soiléir **nádúr** agus **ábhar** an Tionscadail Ghníomhaíochta. |

**Cineálacha gníomhaíochtaí agus tic curtha leo** **(1mharc)**

| MARC (1) | CRITÉIR |
|---|---|
| 1 | Tic curtha le bosca(í) ábhartha |

## ROINN 2: Réamhrá (8 marc)

**(a) Coincheap** (1 mharc)

| MARC (1) | CRITÉIR |
|---|---|
| 1 | Tic curtha le bosca(í) ábhartha |

**Míniúchán ar an gcaoi ar bunaíodh an TG ar an gcoincheap/ar na coincheapa lenar cuireadh tic** **(3mharc)**

| MARC (3) | CRITÉIR |
|---|---|
| 0 | Ní bhaineann an TG leis an OSSP nó níl aon nasc luaite |
| 1 | Tic le bosca(í) ach gan ach nasc doiléir ann leis an gcoincheap / na coincheapa lenar cuireadh tic |
| 2 | Míniúchán atá ábhartha agus cruinn ach teoranta.<br>Míniúchán a bhaineann go soiléir le hábhar an TG ach nach bhfuil nasctha leis an gcoincheap/na coincheapa lenar cuireadh tic.<br>Gan tic le haon bhosca ach baineann an míniúchán le hábhar an TG |
| 3 | Míniúchán soiléir ábhartha ar an gcaoi ar bunaíodh an TG ar an gcoincheap/ar na coincheapa lenar cuireadh tic. |

**(b) Míniúchán ar an bhfáth ar tugadh faoin Tionscadal Gníomhaíochta** **(4 mharc)**

| MARC (4) | CRITÉIR |
|---|---|
| 0 | Gan aon mhíniúchá(i)n b(h)ailí luaite |
| 1 | Míniúchán lag; gan forbairt nó gan ach forbairt lag. |
| 2 | Míniúchá(i)n réasúnta ach gan ach beagán forbartha |
| 3 | Míniúchán maith / míniúcháin mhaithe le roinnt forbartha |
| 4 | Míniúchá(i)n an-mhaith le forbairt an-mhaith a bhaineann leis an Tionscadal Gníomhaíochta a rinneadh. |

## ROINN 3: Gníomhaíochtaí a Rinneadh (49 marc)

**(a) Liosta de bheirt/2 ghrúpa a rabhthas i gcumarsáid leo, agus cur síos ar conas agus ar cén fáth a raibh an t-iarrthóir i gcumarsáid le duine/grúpa AMHÁIN ar an liosta**
**(4 mharc)**

| MARC (1) | CRITÉIR |
|---|---|
| 1 | Ainm BEIRTE / DHÁ ghrúpa a ndearnadh cumarsáid leo |
| **MARC (1)** | **CRITÉIR** |
| 1 | Cur síos ar CONAS a rinneadh teagmháil leis an duine/ngrúpa |
| **MARC (2)** | **CRITÉIR** |
| 1 | Cur síos réasúnta ar CÉN FÁTH a ndearnadh cumarsáid leis an duine/ngrúpa |
| 2 | Cur síos maith ar CÉN FÁTH a ndearnadh cumarsáid leis an duine/ngrúpa |

**(b) Sa roinn seo ba chóir go liostófaí gníomhaíochtaí difriúla a rinneadh i rith chúrsa an Tionscadail Ghníomhaíochta (TG) seo, chomh maith le tuairisc achomair a thabhairt orthu** **(15 mharc)**

| MARC (15) | CRITÉIR |
|---|---|
| 0 – 6 | Gan aon chur síos nó gan ach beagán de chur síos ar ghníomhaíochtaí a rinneadh |
| 7 – 10 | Cur síos réasúnta ar ghníomhaíochtaí a rinneadh |
| 11 – 15 | Cur síos an-soiléir ar ghníomhaíochtaí a rinneadh |

**Nóta:** Nuair nach gcuireann iarrthóir i láthair ach liosta gníomhaíochtaí (dhá ghníomhaíocht ar a laghad ) agus gan aon chur síos orthu, is é 5 an t-**uasmharc** is féidir leis/léi a fháil.

**(c) Cuntas Mionsonraithe ar thasc nó ar ghníomhaíocht AMHÁIN** **(15 mharc)**

| MARC (15) | CRITÉIR |
|---|---|
| 0 – 2 | Cur síos lag ar thasc/ghníomhaíocht AMHÁIN |
| 3 – 6 | Cur síos réasúnta ar thasc/ghníomhaíocht AMHÁIN |
| 7 – 10 | Cur síos maith ar thasc/ghníomhaíocht AMHÁIN |
| 11 – 15 | Cur síos an-mhaith ar thasc/ghníomhaíocht AMHÁIN |

**Nóta:** mura bhfaigheann iarrthóir aon mharc i gcuid (c), is sa 'Míniúchán ar thábhacht …' de (d) thíos amháin is féidir leis/léi marcanna a fháil.

**(d) Scileanna:** **(2 mharc)**

| MARC (2×1) | CRITÉIR |
|---|---|
| 1 | Scil AMHÁIN a ainmniú a bhaineann le hábhar an taisc i gcuid (c) |

**Cur síos ar fheidhmiú scileanna:** **(10 marc)**

| MARC (2×5) | CRITÉIR |
|---|---|
| 0 – 2 | Fianaise lag nó réasúnta ar fheidhmiú na scile a bhaineann le páirt (c) |
| 3 – 4 | Fianaise mhaith ar fheidhmiú na scile a bhaineann le páirt (c) |
| 5 | Fianaise an-mhaith ar fheidhmiú na scile a bhaineann le páirt (c) |

**Míniúchán ar thábhacht scile AMHÁIN agus an TG á dhéanamh** **(3 mharc)**

| MARC (3) | CRITÉIR |
|---|---|
| 0 – 1 | Míniúchán lag nó réasúnta ar thábhacht scile AMHÁIN agus an TG á dhéanamh |
| 2 | Míniúchán maith ar thábhacht scile AMHÁIN agus an TG á dhéanamh |
| 3 | Míniúchán an-mhaith ar thábhacht scile AMHÁIN agus an TG á dhéanamh |

## ROINN 4: Achoimre (30 marc)

Ba chóir go mbeadh achoimre ar an bhfoghlaim sa roinn seo, áit a dtugann iarrthóir cúig phíosa mhionsonraithe eolais nó cúig fhíoras a fuair sé/sí amach i rith chúrsa an Tionscadail Ghníomhaíochta.

**Tá an fhoghlaim sa Tionscadal Gníomhaíochta bunaithe ar choincheap, ar shaincheist nó ar théama an Tionscadail Ghníomhaíochta a sonraíodh i Roinn 1 agus Roinn 2(a)**

**Fíoras iomchuí/píosaí cuí eolais (15 Mharc)**

| MARC (15) | CRITÉIR |
|---|---|
| 5×3 | Bronntar ar bhonn Fíoras Iomchuí |

**Nóta 1:** Sa chás go nasctar fíorais laistigh den aon phointe amháin, is fiú Fíoras Iomchuí **AMHÁIN** iad, i.e. 3 mharc

**Nóta 2:** Maidir le mionsonraí beathaisnéiseacha, stairiúla, tíreolaíocha, eolaíocha, liachta, ní fiú ach Fíoras Iomchuí **AMHÁIN** an ceann iad.

**Marcanna Iomlána (15 mharc)**

| MARC (15) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0-2** | **Lag**<br>Easpa fócais, gan aon fhorbairt / mhionsonraí, píosaí eolais neamhábhartha neamhchruinne |
| **3-6** | **Réasúnta**<br>Easpa soiléire, iarracht lag ar achoimre gan ach fíorbheagán forbartha agus mionsonraí |
| **7-10** | **Maith**<br>Píosaí eolais ábhartha le forbairt réasúnta ach míchothrom. |
| **11-15** | **Maith**<br>Fócas ceart, soiléir, ábhartha, píosaí eolais agus mionsonraí atá dea-fhorbartha |

**Is éard atá i gceist le píosa cuí eolais nó le fíoras iomchuí ná**

**(i) Píosa eolais bailí / fíoras a bhaineann le hábhar an TG**

**(ii) 2/3 phíosa eolais / fhíoras thrialacha a bhaineann le hábhar an TG**

**(iii) Míniúchán ar théarma nó ar choincheap a bhaineann le hábhar an TG**

**(iv) 2 ráiteas a bhaineann go himeallach le hábhar an TG**

**(v) Torthaí suirbhé a léirítear i bhfoirm staitistiúil (píchairt / barrachairt san áireamh)**

## ROINN 5: Machnaimh (30 marc)

Sa Roinn seo ba chóir go léireodh an t-iarrthóir **a smaointe/m(h)achnamh féin** ar na heispéiris éagsúla a bhí aige/aici agus an Tionscadal Gníomhaíochta á dhéanamh agus ba chóir go dtabharfadh sé/sí **cúiseanna** maidir le cén fáth a raibh tionchar ag na heispéiris sin ar a smaointe/t(h)uairimí.

**Smaointe/Machnamh** **(9 marc)**

| MARC (9) | CRITÉIR |
|---|---|
| 3m × 3 | Bronntar ar bhonn Ráiteas Iomchuí |

**Cúiseanna** **(9 marc)**

| MARC (9) | CRITÉIR |
|---|---|
| **3m × 3** | Cúis bhailí bunaithe ar an machnamh<br>Caithfidh an chúis agus na smaointe a bheith le chéile i gcónaí |

**Nóta:** Caithfidh an machnamh agus an cúis bheith curtha le chéile go soiléir ag an Iarrthóir i gcónaí.

**Marcanna Iomlána** **(12 mharc)**

| MARC (12) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | **Lag:** Gan aon fhorbairt nó gan ach beagán forbartha ar na pointí a rinneadh |
| **3 – 5** | **Réasúnta:** Pointí déanta ach an fhorbairt teoranta |
| **6 – 8** | **Maith:** Iarracht mhaith, roinnt forbartha ann agus/nó athrá/míchothroime |
| **9 –12** | **An-mhaith:** Smaointeoireacht neamhspleách, smaointe nua, cuirtear ceisteanna etc |

**Nóta:** Mura luaitear aon chúiseanna, is é 8 an Marc Iomlán is airde is féidir a bhronnadh.

**Is éard atá i gceist le Ráiteas Iomchuí**

**(i) Machnamh, argóint, míniúchán, léiriú, trácht, tuairim atá bailí agus a bhaineann le hábhar / le próiseas / le scileanna an Tionscadail Ghníomhaíochta**

**(ii) Moladh nó comhairle ábhartha.**

**Caithfidh** baint a bheith ag na ráitis iomchuí anseo leis an gcoincheap / aonad / téama OSSP a shonraítear i Roinn 1 nó i Roinn 2A agus a bheith de réir dhearcadh an OSSP maidir le cearta an duine agus le freagracht shóisialta

**Nóta:** D’fhéadfadh na Ráitis Iomchuí seo a bheith ag tagairt don **phróiseas** a rinneadh agus/nó d’**ábhar** an Tionscadail Ghníomhaíochta agus/nó do na **scileanna** a forbraíodh/a úsáideadh i rith chúrsa an TG.

# LEABHAR MEASÚNAITHE OBAIR CHÚRSA A MHARCÁIL

## Oideachas Saoránach, Sóisialta & Polaitiúil – 2016

---

- **Sa Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa déanfaidh an t-iarrthóir tuairisc ar mhodúl den obair chúrsa atá déanta aige/aici.**

- **Tá roinn ÉIGEANTACH sa Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa chun tuairisc a dhéanamh ar an Tionscadal Gníomhaíochta. Sin Roinn 4 den leabhar.**

- **Caithfidh baint a bheith ag an Tionscadal Gníomhaíochta leis an modúl sonrach.**

- **Níl cead ag iarrthóir cur síos mionsonraithe a thabhairt ar ghníomhaíocht nó ar scil áirithe ach UAIR AMHÁIN sa Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa. Tá sé seo tábhachtach sa tuairisc ar *Rudaí atá déanta agam: Cuntas ar thrí rang atá mar chuid den mhodúl* agus ar na leathanaigh i gcomhair *Cuntas ar an Tionscadal Gníomhaíochta.* Ní féidir an ghníomhaíocht nó an scil chéanna a úsáid chun ranna éagsúla sa Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa a fhreagairt.**

- **Ní mór don iarrthóir an Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa a scríobh ina c(h)uid focal féin.**

- **Ní mór don iarrthóir formáid na tuairisce a leanúint san ord ina gcuirtear i láthair i leabhrán *pro forma* na Roinne Oideachais agus Scileanna í.**

- **Ní bhronnfar marcanna as freagraí atá san áit mhícheart.**

- **Ní mór na trí rang sa Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa a bheith éagsúil leis an Tionscadal Gníomhaíochta. Níl cead ag an iarrthóir a bheith ag tuairisciú ar an Tionscadal Gníomhaíochta ar fud an Leabhair Mheasúnaithe Obair Chúrsa go léir.**

# Critéir Mheasúnaithe agus Marcáil
## *Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa*

| | | | |
|---|---|---|---|
| **ROINN 1** | | | |
| **Teideal** | | 3 mharc | 3 |
| | | | |
| **ROINN 2** | | | |
| **A raibh i gceist leis an modúl obair chúrsa** | | 7 marc | 7 |
| | | | |
| **ROINN 3** | | | |
| **Rudaí atá déanta agam** | | | |
| | Rang amháin | 2+8+5+5 mharc | |
| | Rang eile | 2+8+5+5 mharc | |
| | Rang eile fós | 2+8+5+5 mharc | 60 |
| | | | |
| **ROINN 4** | | | |
| **Rudaí atá déanta agam** | | | |
| **Tionscadal Gníomhaíochta** | | 3+3+8+8+8 marc | 30 |
| | | | |
| **ROINN 5** | | | |
| **Rud atá le rá agam** | | 2+8+10 marc | 20 |
| | | | |
| **An Marc Iomlán** | | | **120** |

# LEABHAR MEASÚNAITHE OBAIR CHÚRSA

## ROINN 1

## TEIDEAL **(3 mharc)**

| MARC (3) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Teideal nach mbaineann le hábhar nó gan aon teideal a thabhairt nó teideal ar nós 'Mo Mhodúl d'Obair Chúrsa OSSP' |
| **1** | Teideal leathan ginearálta nach gcuireann ach fíorbheagán in iúl faoina bhfuil i gceist leis an Modúl Obair Chúrsa |
| **2** | Léargas ginearálta ar a bhfuil i gceist leis an Modúl Obair Chúrsa |
| **3** | Léirítear go soiléir a bhfuil i gceist leis an Modúl Obair Chúrsa, e.g. aon choincheap, aonad nó téama san OSSP |

## ROINN 2

## A raibh i gceist leis an modúl obair chúrsa **(7 marc)**

**Ní mór léargas foriomlán ar an modúl a thabhairt. Tá cead ag an iarrthóir tagairt don Tionscadal Gníomhaíochta a rinneadh.**

| MARC (7) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Ní dhéantar ach an teideal a athrá |
| **2 + 2 + 1 + 1 + 1** | Déantar tagairt do 5 ghné éagsúla (rudaí atá déanta) den Mhodúl Obair Chúrsa |

# ROINN 3: Rudaí atá déanta agam

**(20 marc × 3)**

**3.1. Rang Amháin** (4 chuid le comhlánú: 2 + 8 + 5 + 5)
**3.2. Rang Eile** (4 chuid le comhlánú: 2 + 8 + 5 + 5)
**3.3. Rang Eile Fós** (4 chuid le comhlánú: 2 + 8 + 5 + 5)

Tá an scéim mharcála seo le cur i bhfeidhm ar na trí chuntas ar na ranganna.

Ní mór don iarrthóir scríobh faoi thrí rang ar leith.

**Ní cóir** cur síos ar obair an Tionscadail Ghníomhaíochta sna cuntais ar na ranganna.

**Nóta:** ní ghnóthófar marcanna as athrá.

### A. An Príomhthopaic

| MARC (2) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Gan topaic luaite nó teideal neamhábhartha ar an topaic |
| **1** | An príomhthopaic luaite ach doiléir |
| **2** | An príomhthopaic luaite go soiléir |

### B. Cur Síos Gairid

Ní mór tagairt a bheith sa chur síos don ghníomhaíocht/mhodheolaíocht a úsáideadh.

| MARC (8) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Cur síos lag ar ar tharla, gan tagairt nó gan ach beagán tagartha don ghníomhaíocht / mhodheolaíocht a úsáideadh |
| **3 – 5** | Cur síos réasúnta ar ar tharla agus tagairt áirithe don ghníomhaíocht / mhodheolaíocht a úsáideadh |
| **6 – 8** | Cur síos soiléir ar ar tharla agus tagairt shoiléir don ghníomhaíocht / modheolaíocht a úsáideadh |

### C. Rud tábhachtach amháin a d'fhoghlaim mé

Ba chóir píosa fíorasach eolais amháin faoi thopaic an ranga a bheith san áireamh san fhoghlaim.

| MARC (5) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Ráiteas lag faoinar foghlaimíodh |
| **3 – 5** | Ráiteas soiléir faoinar foghlaimíodh |

### D. An rud a rinne é seo suimiúil

Tá cead ag iarrthóir machnamh a scríobh ar fhíoras éigin ach ní mór forbairt áirithe a bheith ann.

| MARC (5) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Míniúchán/machnamh lag ar céard a rinne an rang seo suimiúil |
| **3 – 5** | Míniúchán/machnamh soiléir ar céard a rinne an rang seo suimiúil |

# ROINN 4: Rudaí atá déanta agam: Tionscadal Gníomhaíochta

**Tionscadal Gníomhaíochta** (5 chuid le comhlánú: 3 + 3 + 8 + 8 + 8) 30 marc

Níl cead ag an iarrthóir an t-ábhar céanna a úsáid anseo agus a úsáideadh sna cuntais ar obair na ranganna ar leathanach a trí, a ceathair nó a cúig.

**4.1 Teideal an Tionscadail Ghníomhaíochta**

| MARC (3) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Gan teideal nó teideal neamhábhartha nó teideal ar nós 'Mo Mhodúl d'Obair Chúrsa OSSP' |
| **1** | Teideal doiléir éiginnte |
| **2** | Teideal leathan ginearálta nach gcuireann ach fíorbheagán in iúl faoina raibh i gceist leis an Modúl Obair Chúrsa. Gan ach **nádúr** nó **ábhar** an Tionscadail Ghníomhaíochta (TG) tugtha |
| **3** | Teideal soiléir ábhartha a chuireann in iúl go sonrach **nádúr** agus **ábhar** an TG |

**4.2 An fáth a ndearnadh an Tionscadal Gníomhaíochta**

| MARC (3) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 1** | Míniúchán lag ar an bhfáth a ndearnadh an TG seo |
| **2 – 3** | Míniúchán soiléir ar an bhfáth a ndearnadh an TG seo |

**4.3 Cur síos ar Ghníomhaíocht amháin**

| MARC (8) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Cur síos lag ar thasc/ghníomhaíocht amháin |
| **3 – 5** | Cur síos réasúnta ar thasc/ghníomhaíocht amháin |
| **6 – 8** | Cur síos soiléir ar thasc/ghníomhaíocht amháin |

**4.4 Dhá rud a foghlaimíodh as an Tionscadal Gníomhaíochta**

| MARC (2 × 4 = 8) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Ráiteas lag maidir leis na rudaí a foghlaimíodh |
| **3 – 4** | Ráiteas soiléir maidir leis na rudaí a foghlaimíodh |

**4.5 Scil amháin a d'úsáid mé le linn an Tionscadail Ghníomhaíochta seo**

(a) Scil amháin luaite go soiléir

| MARC (2) | CRITÉIR |
|---|---|
| **2** | Scil amháin luaite go soiléir |

(b) Cur síos ar an gcaoi ar úsáideadh an scil

| MARC (6) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Fianaise lag ar úsáid na scile |
| **3 - 4** | Fianaise réasúnta ar úsáid na scile |
| **5 – 6** | Fianaise shoiléir ar úsáid na scile |

**Nóta: Más sa chur síos in 4.5 (b) amháin a luaitear an scil, ní bhronnfar ach 6 mharc ar a mhéad.**

# ROINN 5: Rud atá le rá agam

Rud atá le rá 2 + 8 + 10 marc **(20 marc)**

**5.1 Ceist**

D'fhéadfadh baint a bheith ag an gceist le coincheap, le topaic, le téama nó leis an bpróiseas foghlama, agus d'fhéadfadh sí éirí as aon chuid den mhodúl, an Tionscadal Gníomhaíochta san áireamh.

| MARC (2) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Gan aon cheist luaite nó an cheist neamhábhartha |
| **1** | Ráiteas doiléir éiginnte maidir leis an gceist |
| **2** | An cheist luaite go soiléir |

**5.2 Tuairimí faoin gceist**

**Nóta:** Ní mór baint a bheith ag an míniúchán leis an gceist a luaitear in 5.1 thuas.

| MARC (8) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Míniú lag **ar an gcúis** a bhfuil tuairim láidir ag an iarrthóir faoin gceist nó **ar an gcúis** a shíleann sé/sí an cheist a bheith suimiúil |
| **3 – 5** | Míniú réasúnta **ar an gcúis** a bhfuil tuairim láidir ag an iarrthóir faoin gceist nó **ar an gcúis** a shíleann sé/sí an cheist a bheith suimiúil |
| **6 – 8** | Míniú soiléir **ar an gcúis** a bhfuil tuairim láidir ag an iarrthóir faoin gceist nó **ar an gcúis** a shíleann sé/sí an cheist a bheith suimiúil |

**5.3 An rud is féidir a dhéanamh**

| MARC (10) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 3** | Smaoineamh/smaointe faoin rud is féidir a dhéanamh curtha i láthair go lag nó é/iad neamhréadúil |
| **4 – 7** | Smaoineamh/smaointe réasúnta faoin rud is féidir a dhéanamh agus seans éigin go bhféadfaí é a bhaint amach |
| **8 – 10** | Smaoineamh/smaointe soiléir(e) faoin rud is féidir a dhéanamh, rud a d'fhéadfaí a bhaint amach |